An Ghaeilge neamhfhoirmiúil ar fud na scoile

Nuair a léitear an Curaclam Gaeilge Bunscoile, feictear go bhfuil an bhéim ar an gcur gcuige cumarsáide ann: 'Is ar úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga bheo chumarsáide a leagtar béim sa churaclam seo' (Gaeilge, Teanga, 1999:2). Ach tá sé thar a bheith tábhachtach go dtuigfeadh idir mhúinteoirí agus dhaltaí nach gcloistear an Ghaeilge sa cheacht Gaeilge amháin ach go mbaintear úsáid aisti go nádúrtha chun cumarsáid a dhéanamh ar fud na scoile i rith an lae. Is é sin is brí leis an téarma An Ghaeilge Neamhfhoirmiúil. Spreagann an Curaclam Gaeilge Bunscoile an cleachtas seo: 'Moltar an Ghaeilge a úsáid go feidhmiúil i rith an lae taobh amuigh den cheacht Gaeilge' (Gaeilge, Teanga, 1999: 11). Má dhéantar sin, feicfidh na daltaí nach ábhar amháin í an Ghaeilge ach gur teanga bheo chumarsáide í.

Cad atá le déanamh againn mar mhúinteoirí chun béim a leagadh ar úsáid na Gaeilge go nádúrtha tríd an scoil?

1. Tá sé ríthábhachtach go gcloisfidh na daltaí go bhfuil na múinteoirí ag baint úsáide as an nGaeilge agus iad féin i mbun cumarsáide.

2. Cloisfidh na daltaí an-chuid Gaeilge nuair a úsáideann an múinteoir an Ghaeilge mar theanga bhainistíochta ranga. Bíonn sé de nós ag múinteoirí ordaithe a thabhairt ach cad faoin bhfoirm cheisteach agus freagraí á dtabhairt ag na daltaí nuair a bheidh siad in ann chuige, mar shampla:

An miste leat/libh na fuinneoga a dhúnadh? Ní miste liom/linn. An miste leat an leabhar sin a chur ar an mbord led' thoil ? Ní miste liom.

3. Tá liosta cuimsitheach samplaí do theanga bainistíochta ranga sa bhunscoil curtha ar fáil ag Siobháin Uí Chriagáin, Tiobraid Árann ag Labhairt. Más ordaithe atá á dtabhairt ag an múinteoir cloisfear samplaí mar seo a leanas:
Bí/bígí ag rith/ciúin/ ag scipeáil.
Ná bí/bígí ag damhsa/ag pleidhcíocht.
Tá liosta cuimsitheach samplaí do theanga bhainistíochta ranga sa bhunscoil curtha ar fáil ag Siobhán Uí Chriagáin, Tiobraid Árann ag Labhairt.

4. Tugann an Curaclam Gaeilge Bunscoile cur síos eile dúinn ar an gcaoi ina bhféadfaí an Ghaeilge Neamhfhoirmiúil a chur chun cinn: 'Beidh an páiste in ann éisteacht leis an múinteoir ag comhlíonadh riachtanais chumarsáide mar shampla, ag beannú do dhaoine, ag fágáil slán…' (Gaeilge, Teanga, Treoirlinte, 1999:20). Ar ndóigh beifear ag súil go mbeadh na daltaí in ann na riachtanais chumarsáide seo a chomhlíonadh freisin. Cloisfear fás agus forbairt ar an teanga seo fad is atá na daltaí ag dul ar aghaidh ó rang go rang mar shampla:
Dia duit/ daoibh.
Dia is Muire duit/daoibh.
Dia is Muire is Pádraig duit/daoibh.
Fáilte romhat/romhaibh.

5. Féachaimis ar ráitis eile de chuid an Churaclaim: 'B'fhéidir go mbeidh an páiste in ann teachtaireacht a thabhairt, cead a iarraidh agus cabhair a lorg le gné éigin den cheacht nach dtuigeann sé/sí' (Gaeilge, Teanga, Treoirlínte, 1999: 20,21). D'fhéadfadh an teanga seo a bheith úsáideach.
Cén Ghaeilge atá ar-------? Ní thuigim.
Litrigh -------dom led' thoil.
Conas a deir tú------? Cuir Gaeilge ar---------led'thoil. Ní féidir liom.

6. Is é Módh na Ráite ceann de na modhanna múinte a úsaidtear sa seomra ranga. 'Molann an modh seo frásaí nó 'ráite' úsáideacha a mhúineadh. Má fhoghlaimíonn na páistí frásaí agus nathanna beaga beidh said in ann tarraingt orthu nuair a bheidh na nathanna sin ag teastáil uathu arís. Is fearr iad a mhúineadh i gcónaí i gcomhthéacs a thuigeann an páiste, is é sin mar chuid d'agallamh seachas ina liostaí.' (Gaeilge, Teanga, Treoirlínte, 1999:67).

7. Cén fheidhm teanga/rann/dán/amhrán ar fiú do na daltaí a fhoghlaim sa cheacht Gaeilge? Is iad na cinn is tábhachtaí ná na cinn a bheidh ag freastal ar a riachtanais cumarsáide taobh amuigh den cheacht Gaeilge. M. sh. An féidir leis na daltaí taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú? (Gaeilge, Teanga, 1999: 22).
An maith leat---------? Is maith/breá liom. Ní maith/ is fuath liom.
Is fearr liom úll ná milseán.
Taitníonn/ ní thaitníonn sé liom.

8. Tá sé inmholta go gcloisfidh agus go mbainfidh na páisti úsáid as an nGaeilge ag ócáidí rialta i rith an lae, mar shampla, ag teacht isteach ar maidin, am rolla, am sosa, am lóin, ag dul abhaile.

9. Prionta sa timpeallacht. 'Féachann an múinteoir chuige go mbíonn cuid mhaith ábhair chlóbhuailte sa seomra ranga, mar shampla:
   - Is féidir fógraí gairide faoi shaol an tseomra ranga a chrochadh timpeall an tseomra, mar seo a leanas:
     Crochaimid ár gcótaí anseo.
     Nímid ár lámha.
     Is é seo an doras.
   - Póstaeir le lipéid a chur ar fáil sa seomra
   - Fógraí gairide faoi shaol na scoile a chrochadh timpeall na scoile, mar seo a leanas:
     Ná déanaigí dearmad ar an athchúrsáil.
     Beidh an bhanaltra ar scoil amárach.
     Siúlaigí ar dheis le bhur dtoil.
     Fiche euro don turas scoile.

10. Féadtar úsáid a bhaint as Frása na Seachtaine tríd an scoil ach caithfear é a roghnú, a mhúineadh, a fhorbairt agus a úsáid.

11. Gríosann na múinteoirí na páistí i gcónaí chun na feidhmeanna teanga agus cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus glactar leis an idirtheanga. Cuimhnímís ar an seanfhocal seo 'mol an óige agus tiocfaidh sí ' fad is atá na daltaí i mbun iarrachta, mar shampla:
Maith tú, lean ort, téir sa tseans, iarracht mhaith.

12. D'fhéadfaí feidhm a bhaint as an nGaeilge sa rang ealaíne nó sa rang corpoideachais, nó sa rang ceoil, mar shampla:
Scaipigí amach, faigh spás sa halla,
ag caitheamh/ag breith/ag léim,
stop nuair a chloiseann tú an fheadóg,
druidigí siar, bogaigí, déanaigí ciorcail,
os comhair, i lár, taobh thiar.

13. I rith Seachtain na Gaeilge is féidir gníomhaíochtaí mar seo a dhéanamh :
   - comórtas ealaíne a chur ar siúl
   - gaeilgeoir na seachtaine a roghnú
   - céilí a chur ar siúl
   - cluichí clóis a dhéanamh trí Ghaeilge
   - tráth na gceist as Gaeilge
   - tóraíocht taisce as Gaeilge

14. Is féidir an teanga a bheadh ag teastáil do na himeachtaí thuasluaite a mhúineadh mar fhrása na seachtaine ó Mhí Eanáir ar aghaidh. Ansin, bheadh spriocanna foghlama ar fáil do na daltaí dá bharr.

15. Rannta, dánta, scéalta, amhráin, sceitsí, seanfhocail, rabhlóga.
Ní mór do mhúinteoirí atá ag obair i scoileanna T2 (scoileanna ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga) a thuiscint gur beag seans a bhíonn ag formhór na ndaltaí an Ghaeilge a shealbhú go neamhfhoirmiúil. Mar sin caithfimid í a mhúineadh go foirmiúil agus deiseanna a chur ar fáil do na daltaí í a úsáid agus a chleachtadh go neamhfhoirmiúil ar fud na scoile i rith an lae.

Tagairtí

Rialtas na hÉireann 1999. Curaclam na Bunscoile. *Gaeilge. Teanga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
Rialtas na hÉireann 1999. Curaclam na Bunscoile. *Gaeilge. Teanga*. Treoirlínte do Mhúinteoirí. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
Ní Chriagáin S., 2000 'Teanga Bhainistíochta Ranga, Tiobraid Árann ag Labhairt, I: Ó Laoire, M. agus Ó Murchú, H. (eag.) Teagasc na Gaeilge 7. Baile Átha Cliath: Comhar na Muinteoirí Gaeilge, 146-184.
Ní Mhistéil, S., 2000 'Gaeilge Neamhfhoirmiúil' I: Ó Laoire, M. agus Ó Murchú, H. (eag.) Teagasc na Gaeilge 7. Baile Átha Cliath: Comhar na Muinteoirí Gaeilge, 130-131.

Submitted by members of the Primary Professional Development Services. www.ppds.ie